BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

13 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 83(4) go (6) agus (9) – An coincheap 'Gnóthas' – Máthairchuideachta agus fochuideachta – Sárú ar an Rialachán sin ag fochuideachta – Méid na fíneála a ríomh – Láimhdeachas iomlán an ghrúpa a bhfuil an fhochuideachta sin mar chuid de a chur san áireamh)

I gCás C-383/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Vestre Landsret (Ard-Chúirt na Danmhairge Thiar), trí bhreith an 3 Bealtaine 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 21 Meitheamh 2023, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

ILVA A/S,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag gníomhú dó mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias agus Z. Csehi (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: C. Strömholm, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 19 Meitheamh 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– ILVA A/S, ag D. B. Geary, advokat,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouchagiar, H. Kranenborg agus C. Vang, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Danmhairgis.

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 83(4) go (6) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, 'RGCS').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí coiriúla a thionscain Anklagemyndigheden (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, an Danmhairg) i gcoinne ILVA A/S maidir le sáruithe líomhnaithe ar oibleagáidí na cuideachta sin faoi RGCS ina cáil mar rialaitheoir sonraí pearsanta a bhaineann le hiarchustaiméirí.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in aithrisí 150 agus 151 de RGCS:

> '(150) Chun pionóis riaracháin a neartú agus a chomhchuibhiú le haghaidh sáruithe ar an Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a bheith ag gach údarás maoirseachta fíneálacha riaracháin a ghearradh. Ba cheart a léiriú sa Rialachán seo sáruithe agus an uasteorainn agus na critéir chun na fíneálacha riaracháin a bhaineann leo a shocrú, ar cheart don údarás maoirseachta inniúil iad a chinneadh i ngach cás aonair, agus na himthosca ábhartha uile den staid shonrach á gcur san áireamh, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar chineál, ar thromaíocht agus ar fhad an tsáraithe agus ar a iarmhairtí agus ar na bearta a dhéantar chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo agus chun iarmhairtí an tsáraithe a chosc nó a mhaolú. I gcás ina ngearrtar fíneálacha riaracháin ar ghnóthas, ba cheart gnóthas a thuiscint mar ghnóthas i gcomhréir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE [...]
>
> (151) Le córas dlí na Danmhairge agus le córas dlí na hEastóine, ní cheadaítear fíneálacha riaracháin mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Féadfar na rialacha maidir le fíneálacha riaracháin a chur i bhfeidhm ar chaoi go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta inniúla an fhíneáil a ghearradh mar phionós coiriúil, i gcás na Danmhairge, agus go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta an fhíneáil a ghearradh faoi chreat nós imeachta maidir le hoilghníomh, i gcás na hEastóine, ar an gcoinníoll gurb ionann an éifeacht a bheadh ag cur i bhfeidhm na rialacha ar an gcaoi sin sna Ballstáit sin agus an éifeacht a bheadh ag fíneálacha riaracháin arna ngearradh ag údaráis mhaoirseachta. Dá bhrí sin, ba cheart do na cúirteanna náisiúnta inniúla aird a thabhairt ar an moladh ón údarás maoirseachta a thionscnaíonn an fhíneáil. Ar aon chaoi, ba cheart na fíneálacha a ghearrtar a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. '

4 Leagtar síos in Airteagal 5 de RGCS na prionsabail a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil.

5 Cinntear le hAirteagal 6 den RGCS na coinníollacha faoina meastar go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach.

6 Foráiltear in Airteagal 58(2) de RGCS, dar teideal, ‘Cumhachtaí’, mar seo a leanas:

‘Beidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha uile seo a leanas ag gach údarás maoirseachta:

[...]

(i) fíneáil riaracháin a ghearradh de bhun Airteagal 83, de bhreis ar na bearta dá dtagraítear sa mhír seo nó ina n-ionad, ag brath ar dhálaí gach cáis faoi leith;

[...] ’

7 Foráiltear le hAirteagal 83 de RGCS, dar teideal ‘Coinníollacha ginearálta maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh’ i míreanna 1, 2, 4 go 6 agus 9 de:

‘(1) Áiritheoidh gach údarás maoirseachta, maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh de bhun an Airteagail seo i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo dá dtagraítear i mír 4, i mír 5 agus i mír 6 go mbeidh an gearradh sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás aonair.

(2) Gearrfar fíneálacha riaracháin, ag brath ar dhálaí gach cáis aonair, de bhreis ar bhearta dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (h) agus i bpointe (j) d’Airteagal 58(2) nó ina n-ionad. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:

(a) cineál, tromaíocht agus fad an tsáraithe agus cineál, raon feidhme nó cuspóir na próiseála lena mbaineann á gcur san áireamh chomh maith le líon na n-ábhar sonraí do shonraí a ndearnadh difear dóibh agus leibhéal an damáiste a bhain dóibh;

(b) cineál an tsáraithe a bheith déanta d’aon ghnó nó le faillí;

(c) aon ghníomhaíocht a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí chun an damáiste a bhain do na hábhair sonraí a mhaolú;

(d) méid na freagrachta atá ar an rialaitheoir nó ar an bpróiseálaí agus bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuir siad chun feidhme de bhun Airteagal 25 agus Airteagal 32 á gcur san áireamh;

(e) aon sáruithe ábhartha a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí roimhe seo;

(f) a mhéid comhair a bhí ann leis an údarás maoirseachta, chun an sárú a leigheas agus chun éifeachtaí díobhálacha féideartha an tsáraithe a mhaolú;

(g) na catagóirí de shonraí pearsanta a ndearna an sárú difear dóibh;

(h) an bealach ina bhfuair an t-údarás maoirseachta eolas faoin sárú, go háirithe cibé ar chuir an rialaitheoir nó an próiseálaí an sárú in iúl, agus má rinne, a mhéid a cuireadh in iúl é;

(i) i gcás inar ordaíodh bearta dá dtagraítear in Airteagal 58(2) i gcoinne an rialaitheora nó an phróiseálaí lena mbaineann maidir leis an ábhar céanna roimhe sin, ar comhlíonadh na bearta sin;

(j) a mhéid a gcloítear le cóid iompair formheasta de bhun Airteagal 40 nó sásraí deimhniúcháin formheasta de bhun Airteagal 42; agus

(k) aon imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme maidir le dálaí an cháis, amhail sochair airgeadais a gnóthaíodh, nó caillteanais a seachnaíodh, go díreach nó go hindíreach, as an sárú.

[...]

(4) Beidh sáruithe ar na forálacha seo a leanas, de réir mhír 2a, faoi réir fíneálacha riaracháin suas le 10 000 000 EUR, nó i gcás fiontair, suas le 2 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde:

[...]

(5) Beidh sáruithe ar na forálacha seo a leanas, de réir mhír 2, faoi réir fíneálacha riaracháin suas le 20 000 000 EUR, nó i gcás gnóthais, suas le 4 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde:

[...]

(6) Beidh neamhchomhlíonadh ordaithe ag an údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 58(2), i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, faoi réir fíneálacha riaracháin suas le 20 000 000 EUR, nó i gcás fiontair, suas le 4 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde

[...]

(9) I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit do ghearradh fíneálacha riaracháin, féadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm sa chaoi is go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an gearradh sin a thionscnamh agus go ngearrfaidh cúirteanna náisiúnta inniúla é, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na fíneálacha riaracháin a ghearrfaidh na húdaráis mhaoirseachta. Ar aon chaoi, beidh na fíneálacha a ghearrfar éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlíthe féin a ghlacann siad de bhun na mire seo faoin 25 Bealtaine 2018 ar a dhéanaí, agus tabharfaidh siad fógra freisin gan mhoill faoi aon dlí leasaitheach nó aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear do na forálacha sin. ’

Dlí na Danmhairge

8 Foráiltear an méid seo a leanas i § 41 de Lov nr. 502 om supplerende bestemmelser til forordning om beskyttelse af fysiske personer i forbindelse med behandling af personoplysninger og om fri udveksling af sådanne oplysninger (Dlí Uimh. 502 an 23 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar [RGCS])

‘(1) Mura bhfuil bonn cirt le pionós níos mó faoi reachtaíocht eile, gearrfar fíneáil nó téarma príosúnachta suas le 6 mhí ar aon duine a sháraíonn na forálacha maidir le:

[...]

(4) bunphrionsabail na próiseála, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le toiliú, in Airteagail 5 go 7 agus 9 de [RGCS],

[...]

(3) Ní mór Airteagal 83(2) de [RGCS] a leanúint agus pionós á fhorchur de réir fhomhíreanna 1 agus 2.

[...]

(6) Féadfar cuideachtaí agus araile (daoine dlítheanacha) a bheith faoi dhliteanas coiriúil i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i gCaibidil 5 de [straffeloven (Chód Coiriúil)]. [...] '

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

9 Tá ILVA i mbun gnó le sraith siopaí troscáin agus tá sé mar chuid den ghrúpa Lars Larsen Group ('an grúpa'). B'ionann láimhdeachas iomlán an ghrúpa sa bhliain airgeadais 2016/2017 agus 6.57 billiún kroner na Danmhairge (DKK) (thart ar 881 mhilliún EUR) agus b'ionann láimhdeachas ILVA agus beagnach 1.8 billiún DKK (thart ar 241 mhilliún EUR) don bhliain airgeadais chéanna.

10 Cúisítear ILVA os comhair chúirteanna na Danmhairge as mainneachtain, le linn na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2018 go mí Eanáir 2019, a oibleagáidí faoi RGCS a chomhlíonadh ina cháil mar rialaitheoir sonraí pearsanta maidir le sonraí 350 000 iarchustaiméirí ar a laghad a choinneáil.

11 Ar mholadh ón Datatilsynet (an Ghníomhaireacht Cosanta Sonraí, an Danmhairg), d'iarr Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí go ngearrfaí fíneáil 1.5 milliún DKK (thart ar EUR 201 000) ar ILVA. Bhí ríomh an mhéid sin bunaithe ní hamháin ar láimhdeachas ILVA, ach ar láimhdeachas foriomlán Ghrúpa Lars Larsen chomh maith.

12 Le breithiúnas an 12 Feabhra 2021, chinn Retten i Aarhus (Cúirt Dúiche Aarhus, an Danmhairg) go raibh ILVA ciontach sna gníomhartha a líomhnaíodh ina choinne agus d'ordaigh sé dó fíneáil DKK 100 000 (thart ar EUR 13 400) a íoc. Chinn an chúirt sin gur ghníomhaigh ILVA go faillíoch, contrártha leis an méid a líomhnaigh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí. Mheas sí freisin, ós rud é nár tugadh cúisimh ach i gcoinne ILVA, nár ghá láimhdeachas Ghrúpa Lars Larsen a chur san áireamh chun méid na fíneála a ríomh. Thairis sin, thug an chúirt dá haire go raibh ILVA ag gabháil do ghníomhaíocht miondíola neamhspleách agus nár bhunaigh máthairchuideachta an ghrúpa sin í chun sonraí an ghrúpa a phróiseáil agus chun na críche sin amháin.

13 Rinne Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Vestre Landsret (Ard-Chúirt na Danmhairge Thiar), arb í an chúirt a rinne an tarchur í. Áitíonn Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí nach mór an téarma 'gnóthas' (nó 'fiontar') in Airteagal 83(4) go (6) de RGCS a thuiscint sa chaoi, chun fíneáil a shocrú i gcás sárú ar RGCS ag cuideachta, gur gá aird a thabhairt ar láimhdeachas an ghrúpa a bhfuil an chuideachta lena mbaineann mar chuid de. Dar le Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, leanann sé ó aithris 150 de RGCS nach mór an téarma sin a thuiscint i gcomhréir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE.

14 Ar an taobh eile, áitíonn ILVA, agus fíneáil á socrú i gcomhair sárú gnóthais ar RGCS, nár cheart breathnú ar láimhdeachas iomlán an ghrúpa a bhfuil an chuideachta lena mbaineann ina cuid de. Sa chás seo, níor tugadh cúisimh ach in aghaidh ILVA amháin, agus ní in aghaidh a mháthairchuideachta chomh maith.

15 Measann an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil freagra na ceiste sin soiléir ó RGCS.

16 Sna himthosca sin, chinn an Vestre Landsret (Ard-Chúirt na Danmhairge Thiar) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gá an téarma ‘fiontar’ [gnóthas] in Airteagal 83(4) go (6) de [RGCS] a thuiscint mar ghnóthas de réir bhrí Airteagal 101 agus Airteagal 102 CFAE, i gcomhar le haithris 150 den Rialachán sin, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh, ionas go gcumhdófar leis an téarma ‘gnóthas’ aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar stádas dlíthiúil an eintitis sin agus ar an gcaoi a maoinítear é?

(2) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, ní mór Airteagal 83(4) go (6) [de RGCS] a léiriú ar an gcaoi nach mór, agus fíneáil á gearradh ar ghnóthas, aird a thabhairt ar láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an eintitis eacnamaíoch a bhfuil an gnóthas ina chuid de, nó ar láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais féin amháin? ’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

17 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 83(4) go (6) de RGCS, arna léamh i bhfianaise aithris 150 den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi go bhfreagraíonn an téarma ‘fiontar’ [gnóthas] sna forálacha sin don choincheap ‘gnóthas’, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, agus mar thoradh air sin, i gcás ina bhforchuirtear fíneáil as sárú ar RGCS ar rialaitheoir sonraí pearsanta ar gnóthas é nó ar cuid de ghnóthas é, tá méid na fíneála le cinneadh ar bhonn céatadán de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais sa bhliain ghnó roimhe sin, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE.

18 Ar dtús, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh deis ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin ceisteanna áirithe a fhreagairt maidir le léiriú ar Airteagal 83 de RGCS i mbreithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, míreanna 53 go 59, a tugadh tar éis dheireadh an nós imeachta i scríbhinn sa chás seo.

19 Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil aon tionchar ag an gcoincheap ‘gnóthas’, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, ar cé acu an bhféadfar agus ar na coinníollacha faoina bhféadfar fíneáil riaracháin a ghearradh de bhun Airteagal 83 RGCS ar rialaitheoir ar duine dlítheanach é, ós rud é go rialaítear an cheist sin go huileghabhálach le hAirteagal 58(2) agus le hAirteagal 83(1) go (6) den Rialachán sin (breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, mír 53).

20 Níl an coincheap sin ábhartha ach amháin chun méid na fíneála riaracháin a ghearrtar ar rialaitheoir faoi Airteagal 83(4) go (6) de RGCS a ríomh (breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, mír 54).

21 Is sa chomhthéacs sonrach sin maidir le ríomh na bhfíneálacha riaracháin a ghearrtar i leith sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 83(4) go (6) de RGCS nach mór an tagairt, a rinneadh in aithris 150 den Rialachán sin, don choincheap 'gnóthas', de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, a thuiscint (breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, mír 55).

22 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, chun críocha na rialacha iomaíochta dá dtagraítear in Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm, go n-áirítear leis an gcoincheap sin aon eintiteas atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar stádas dlíthiúil an eintitis sin agus ar an mbealach a mhaoinítear é. Dá bhrí sin, tagraíonn sé d'aonad eacnamaíoch fiú más rud é, ó thaobh an dlí de, go bhfuil roinnt daoine, idir dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha, san aonad eacnamaíoch sin. Is éard atá san aonad eacnamaíoch sin eagraíocht aonadach d'eilimintí pearsanta, inláimhsithe agus doláimhsithe a bhfuil sainaidhm eacnamaíoch á saothrú aici ar bhonn marthanach fadtéarmach (breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Dá bhrí sin, is léir ó Airteagal 83(4) go (6) de RGCS, a bhaineann le fíneálacha riaracháin a ríomh i leith na sáruithe a liostaítear sna míreanna sin, i gcás gur gnóthas é seolaí na fíneála riaracháin nó gur cuid de ghnóthas é, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, go ndéanfar uasmhéid na fíneála riaracháin a ríomh ar bhonn céatadán de láimhdeachas iomlán domhanda na bliana gnó roimhe sin a bhí ag an ngnóthas lena mbaineann (breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, mír 57).

24 Mar sin féin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir ríomh an uasmhéid sin agus ríomh iarbhír mhéid na fíneála atá le forchur ag an údarás maoirseachta inniúil as an sárú sonrach nó na sáruithe sonracha ar RGCS ar gearradh pionós ina leith leis an bhfíneáil sin.

25 Dá bhrí sin, faoi Airteagal 83(1) de RGCS, áiritheoidh gach údarás maoirseachta, maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh de bhun Airteagal 83 i leith sáruithe ar RGCS dá dtagraítear i míreanna (4) go (6) de, éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás ar leith.

26 Chomh maith leis na trí choinníoll sin a chomhlíonadh, ceanglaítear le hAirteagal 83(2) RGCS go dtabharfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil aird chuí ar roinnt tosca, agus cinneadh á dhéanamh aige an gá fíneáil riaracháin a ghearradh agus méid na fíneála sin á shocrú aige i ngach cás aonair.

27 Áirítear ar na tosca sin, i gcomhréir leis an bhforáil dheireanach sin, *inter alia*, cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, líon na n-ábhar sonraí a ndearnadh difear dóibh agus leibhéal an damáiste a bhain dóibh, cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí, na gníomhaíochtaí atá déanta ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí chun an damáiste a rinneadh a mhaolú, agus leibhéal freagrachta an rialaitheora nó an phróiseálaí sin, agus na catagóirí sonraí pearsanta a ndearna an sárú difear dóibh.

28 Is saintréithe iad na tosca sin d'iompar an rialaitheora nó an phróiseálaí sin, a gcuirtear sáruithe ar fhorálacha áirithe RGCS ina leith, nó na sáruithe féin. Dá bhrí sin, áirithítear leo go ndéantar measúnú ar gach ceann de na sáruithe sin ar bhonn na n-imthosca aonair ábhartha uile agus go mbaintear amach na cuspóirí a shaothraítear leis an gcóras pionós dá bhforáiltear in RGCS.

29 Cé nach ndéantar tagairt sna tosca sin do choincheap gnóthais, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin nach féidir ach le fíneáil lena gcuirtear san áireamh ní hamháin na tosca go léir a bhaineann le sáruithe bunaithe RGCS, ach freisin, i gcás inarb iomchuí, cumas eacnamaíoch iarbhír nó ábhartha an duine ar a ngearrtar an fhíneáil na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 83(1) RGCS a chomhlíonadh, eadhon a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha sin, ní mór a chur san áireamh an bhfuil an duine sin ina chuid de ghnóthas, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Deutsche Wohnen*, C-807/21, EU:C:2023:950, mír 58).

30 Tá an léiriú ar Airteagal 83 de RGCS a eascraíonn as míreanna 25 go 29 den bhreithiúnas seo infheidhme freisin i gcás nach ngearrtar pionós ar sháruithe bunaithe RGCS le fíneáil riaracháin ach le fíneáil arna forchur ag na cúirteanna náisiúnta inniúla mar phionós coiriúil.

31 Mar a luaitear in aithris 151 de RGCS, ní cheadaítear le córais dlí náisiúnta áirithe, lena n-áirítear córas dlí Ríocht na Danmhairge, fíneálacha riaracháin mar a leagtar amach in RGCS.

32 Chun an cás sin a réiteach, foráiltear le hAirteagal 83(9) de RGCS, i gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí Ballstáit d'fhíneálacha riaracháin, go bhféadfar Airteagal 83 a chur i bhfeidhm ar bhealach, mar atá sa chás seo, go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an fhíneáil agus go bhforchuirfidh cúirteanna náisiúnta inniúla í.

33 Sonraítear freisin in Airteagal 83(9), mar atá in aithris 151 den Rialachán sin, go mbeidh na leigheasanna dlí atá i gceist éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu leis na fíneálacha riaracháin arna ngearradh ag na húdaráis mhaoirseachta agus, in aon chás, go mbeidh na fíneálacha a ghearrfar éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

34 Mar sin féin ós rud é go ngearrann cúirt choiriúil an fhíneáil in imeachtaí coiriúla, ní mór don chúirt sin na rialacha is infheidhme in ábhair choiriúla a urramú i gcónaí, lena n-áirítear, go háirithe, na cearta nós imeachta atá ag an gcúisí agus prionsabal comhréireachta an phionóis, mar a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

35 I ndáil leis sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 74 dá Tuairim, ceanglaítear le hAirteagal 83 de RGCS nach mór do na húdaráis mhaoirseachta inniúla, gan eisceacht, a áirithiú go n-urramaítear prionsabal na comhréireachta agus méid iarbhír na fíneála a fhorchuirtear á ríomh, trína mbaintear cothromaíocht chóir amach idir éilimh an leasa ghinearálta maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus na ceanglais maidir le cearta rialaitheoir na sonraí sin, an phróiseálaí nó an ghnóthais ar cuid de iad a chosaint. Dá bhrí sin, is cosúil nach bhfuil cur i bhfeidhm an choincheapa 'gnóthas', de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, i gcomhthéacs chur chun feidhme Airteagal 83(4) go (6) de RGCS, faoi réir aon bhacainní prionsabail i gcás ina ngearrtar pionós ar sháruithe ar RGCS ní trí fhíneálacha riaracháin ach trí fhíneálacha arna bhforchur ag cúirteanna coiriúla.

36 I bhfianaise an mhéid thuas, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 83(4) go (6) de RGCS, arna léamh i bhfianaise aithris 150 den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi go bhfreagraíonn an téarma 'fiontar' [gnóthas] sna forálacha sin don choincheap 'gnóthas', de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, sa chaoi, i gcás ina bhforchuirtear fíneáil as sárú ar RGCS ar rialaitheoir sonraí pearsanta ar gnóthas é nó ar cuid de ghnóthas é, go gcinnfear uasmhéid na fíneála ar bhonn céatadáin de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais sa bhliain ghnó roimhe sin. Ní mór an coincheap 'gnóthas' a chur san áireamh freisin

chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht eacnamaíoch iarbhír nó ábhartha fhaighteoir na fíneála agus, ar an gcaoi sin, chun a fháil amach an bhfuil an fhíneáil éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ag an am céanna.

Costais

37 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 83(4) go (6) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) arna léamh i bhfianaise aithris 150 den Rialachán sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go bhfreagraíonn an téarma ‘fiontar’ [gnóthas] sna forálacha sin don choincheap ‘gnóthas’, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE, sa chaoi, i gcás ina bhforchuirtear fíneáil as sárú ar RGCS ar rialaitheoir sonraí pearsanta ar gnóthas é nó ar cuid de ghnóthas é, go gcinnfear uasmhéid na fíneála ar bhonn céatadán de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais sa bhliain ghnó roimhe sin. Ní mór an coincheap ‘gnóthas’ a chur san áireamh freisin chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht eacnamaíoch iarbhír nó ábhartha fhaighteoir na fíneála agus, ar an gcaoi sin, chun a fháil amach an bhfuil an fhíneáil éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ag an am céanna.

[Sínithe]